Oide

Technology in Education

# Creat Foghlama Digití

## *Leideanna Féin-Mhachnaimh an Mhúinteora*

**Caighdeán 3.2:** Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais phleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a dhéanann dul chun cinn ar fhoghlaim na ndaltaí.

**Leideanna Féin-Mhachnaimh an Mhúinteora**

1. Cén chaoi a ndéanann tú pleananna chun an teicneolaíocht a chomhtháthú sna ceachtanna?
2. Cén chaoi a roghnaíonn tú uirlisí digiteacha le húsáid sa seomra ranga?
3. Cad iad na cúinsí a théann i bhfeidhm ar do rogha uirlisí digiteacha le húsáid sa seomra ranga?
4. An lorgaíonn tú cead tuismitheora d'úsáid uirlisí digiteacha a stórálann sonraí an dalta?
5. An úsáideann tú ardán fhoghlama digití (m.sh. Seesaw, Google Classroom, Class Dojo Portfolios) chun samplaí oibre na ndaltaí a stóráil?
6. An dtugann tú aiseolas do dhaltaí ar an ardán foghlama digití?
7. Cad iad na straitéisí bainistíochta seomra ranga a úsáideann tú nuair atá gléasanna digiteacha sa seomra ranga?
8. Cén chaoi a ndéanann tú measúnú ar thionchar uirlisí digiteacha ar fhoghlaim an dalta?
9. Cad iad na straitéisí measúnaithe múnlaitheacha/suimitheacha a úsáideann tú le linn ceachtanna (suirbhéanna, punanna digiteacha, gníomhaíochtaí measúnaithe, ticéid imeachta, féin-athbhreithniú/piarmheasúnú)?
10. An gcabhraíonn an úsáid teicneolaíochta le scileanna réiteach fadhbanna a fhorbairt i measc daltaí?